



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(110 marc)

AOINE, 10 MEITHEAMH – 9.30 go dtí 11.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Cailfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) nó Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt. (Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt i Roinn A nó i Roinn B.)

Thall →

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.

CEIST 1

- PRÓS AINMNITHE -

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo

- (a) (i) “Bhí an méid sin grá ag Lear dá pháistí gur tháinig éad ar Aoife, mar shíl sí nach raibh meas ar bith aige uirthi féin.” (*Clann Lir*)

Tabhair **cuntas** ar ar tharla ina dhiaidh sin sa scéal go dtí gur fhág siad Sruth na Maoile. (25 mharc)

- (ii) Cén sórt duine é Lear, dar leat? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) “Anseo sa gcúinne bhí ábhar iontais. Tobar an bhaile”. (*Amuigh Liom Féin*)
Scríobh **cuntas** ar ar tharla ó d’fhág an buachaill óg an teach go dtí gur bhuail sé lena mháthair ar an gcláí. (25 mharc)

- (ii) Cén sórt duine é Daideo sa ghearrscéal seo? Déan cur síos **gairid** air agus inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

- (b) Maidir leis na trí shaothar eile, *Gafa*, *Fiosracht Mhná* agus *An Lasair Choille* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

Drugáí
Grá (nó Fuath)

Greann
Eagla (nó Éad)

Saoirse (nó Éalú)
Tuismitheoirí (nó Gaolta eile)

(20 marc)

NÓ

Maidir leis na trí shaothar eile, *Gafa*, *Fiosracht Mhná* agus *An Lasair Choille* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann a thaitin (nó nár thaitin) leat. (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo

- (a) (i) Inis, i **d'fhocail féin**, cad is téama don dán *Bríd Óg Ní Mháille* (thíos). (10 marc)
- (ii) Cad iad an **dá** phictiúr den dúlra (nádúr) a chuirtear os ár gcomhair sa dara véarsa den dán? Déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar an dá íomhá sin. (8 marc)
- (iii) *“Is tuirseach ’s is brónach a chaithimse an Domhnach mo hata ’mo dhorn is mé ag osnail go trom”*
Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin, dar leat? (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

BRÍD ÓG NÍ MHÁILLE

A Bhríd Óg Ní Mháille, 's tú d'fhág mo chroí cráite
's chuir tú arraingeacha báis trí cheartlár mo chroí;
tá na mílte fear i ngrá le d' éadan ciúin náireach
's go dtug tú barr breácha ar Thír Oireall' más fíor.

Níl ní ar bith is áille ná grian os cionn gairdín
nó bláth bán na n-airne bhíos ag fás ar an draighean;
mar siúd a bhíos mo ghrá-sa le deise 's le breácha,
a chúl tiubh na bhfáinní a bhfuil mo ghean ort le bliain.

Is buachaill deas óg mé 'tá ag triall chun mo phósta
's ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian;
a chuise 's a stórach, faigh réidh is bí romhamsa
go déanach Dé Domhnaigh ar bhóithrín Droim Chliabh.

Is tuirseach 's is brónach a chaithimse an Domhnach,
mo hata 'mo dhorn 's mé ag osnail go trom,
's mé ag amharc ar na bóithre a mbíonn mo ghrá geal ag góil ann
's í ag fear eile pósta 's gan í a bheith liom.

NÓ

- (i) Inis, i **d'fhocail féin**, cad is téama don dán *Chlaon mé mo Cheann* (thíos). (10 marc)
- (ii) Cén léargas (pictiúr) a thugann an dán dúinn ar **óige** an fhile? (8 marc)
- (iii) *“Is go ngéillfinn don racht In mo chléibh.”*
Cad atá i gceist ag an bhfile sna línte seo? (7 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Chlaon mé mo Cheann

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfainn
An teach ar tógadh mé ann,
Ar eagla go bhfeicfinn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfinn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfinn don racht
In mo chléibh.

- (b) Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), roghnaigh *mothúchán amháin* as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

Fearg Míshásamh Fuinneamh Tuirse (20 marc)

NÓ

Maidir leis an dán, *Treall* (thíos), tabhair **cuntas gairid** ar príomhsmaointe an dáin **agus** ar íomhá (phictiúr) **amháin** sa dán sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat. (20 marc)

TREALL

Tabhair dom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
'gus urláir
de na ballaí
go dtiocfaidh scraith
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais –

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo –

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.

Ceist 1

-PRÓS ROGHNACH-

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **scéal béaloidis** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an charachtar (phearsa) is mó a thaitin (nó nár thaitin) leat. (23 mharc)

[Ní mór teideal an scéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir]

(2 mharc)

- (ii) Cén eachtra sa **scéal béaloidis** is mó a chuaigh i bhfeidhm ort? Is leor **dhá** phointe. (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le **gearrscéal** (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an mothú is láidre atá le sonrú (le feiceáil) ann. (23 mharc)

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir]

(2 mharc)

- (ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa (charachtar) sa **gearrscéal** sin a thaitin (nó nár thaitin) leat. (10 marc)

- (b) Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *mothuithe/téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair **cuntas gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *mothú/téama* atá roghnaithe agat.

Uaigneas
Óige (nó Seanaois)

Grá (nó Fuath)
Imní (nó Sástacht)

Díomá
Brón (nó Áthas)

(18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir]

(2 mharc)

NÓ

- Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann a thaitin (nó nár thaitin) leat. (18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir]

(2 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **fear** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis cad é an mothúchán is mó sa dán sin, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)
- (ii) Déan cur síos i **d'fhocail féin** ar **dhá** íomhá (phictiúr) a chuireann an file os ár gcomhair sa dán seo. (10 marc)
- (iii) Cén sórt atmaisféir a chruthaíonn an file sa dán? Mínigh. (6 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin mar aon le hainm an fhile a scríobh síos go soiléir] (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean nó fear** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) inis i **d'fhocail féin** cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as **meafair (nó codarsnacht nó athrá)** sa dán seo. (8 marc)
- (iii) Mínigh an bhaint atá ag an teideal le hábhar an dáin. (7 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin mar aon le hainm an fhile a scríobh síos go soiléir] (2 mharc)

- (b) Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**, a bhfuil **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

- | | | | |
|-----------------------------|----------|--------------|--|
| Grá | Brón | Lagmhisneach | |
| Croíbhrieadh (Brieadh Croí) | Uaigneas | Cumha | |
- (18 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin mar aon le hainm an fhile a scríobh síos go soiléir] (2 mharc)

NÓ

- Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**, tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin agus ar íomhá (phictiúr) **amháin nó** ar mheafar **amháin** a thaitin (**nó nár thaitin**) leat. (18 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin mar aon le hainm an fhile a scríobh síos go soiléir] (2 mharc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán